BALLYBOFEY-STRANORLAR FLOOD RELIEF SCHEME

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

# Baile Féich - Srath an Urláir Scéim Cosanta Tuilte



## Nuachtlitir Samhain 2024

SAN EAGRÁN SEO

Samhaltú Hiodrálach
Leathanach 2

Imscrúduithe Talún
Leathanach 3

Measúnuithe Comhshaoil
Leathanach 4

An Chéad Chéim Eile
Leathanach 5

# Forléargas is Déanaí

Seo an t-aonú nuachtlitir déag do Scéim Cosanta Tuilte Bealach Féich-Srath an Urláir. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó foilsíodh an nuachtlitir dheiridh áirítear cur i gcrích na tuarascála um shamhail hiodrálach agus tuilleadh measúnaithe ar an talamh.

# Samhaltú Hiodrálach

Críochnaíodh an tógáil samhaltú hiodrálach do Bhealach Féich-Srath an Urláir agus úsáideadh é le cásanna éagsúla tuilte a dhéanamh le haghaidh tarluithe reatha agus amach anseo. Tá rití calabraithe ar an tsamhail tugtha chun críche fosta. Léirigh sé seo go bhfuil gá le calabrú breise níos mionsonraithe agus tá an obair seo anois tugtha chun críche. Mar thoradh ar an an obair chalabrúcháin bhreise seo bhíothas in ann éagsúlacht i leibhéil na dtuilte ar fud limistéar na scéime a réasúnú laistigh de lamháltais inghlactha.

Tá sraitheanna samhaltaithe dearaidh ar siúl anois, agus aithneoidh na torthaí gach réadmhaoin atá i mbaol tuilte laistigh de limistéar na scéime. Tá tuairisciú ar an hiodrálaic á nuashonrú freisin, rud a chuirfidh leis an mheasúnú roghanna don scéim leis an scéim roghnaithe a chinneadh.

Áirítear ar shraitheanna eile:

- Cásanna Ard-Leibhéil Amach Anseo
- Cásanna Meán-Leibhéil Amach Anseo
- Sraitheanna Dearaidh do AEP-anna éagsúla
- Sraitheanna Íogaireachta




*An Fhinn le Sruth ó Pháirc na Finne*

# Imscrúduithe Talún

Tá doiciméid tairisceana ullmhaithe d'obair imscrúduithe suímh ar fud limistéar scéime Bealach Féich -Srath an Urláir le coinníollacha talún a chinneadh le haghaidh bearta cosanta tuilte féideartha. Áirítear le scóip an chonartha claiseanna trialacha, trinsí scoilte, poill tóraíochta cnagchábla agus cóiriú rothlach.

Tá an conradh á athbhreithniú ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus Oifig na nOibreacha Poiblí agus déanfar é a fhógairt don mhargadh in am trátha. Bronnfar an conradh imscrúduithe talún ar chonraitheoir i ndiaidh próiseas tairisceana a chur isteach.

Sainaithníodh limistéir ina bhfuil imscrúduithe talún de dhíth i gcoibhneas leis na háiteanna ina bhfuil baol tuilte sainaitheanta. Tá na láithreacha seo faoi réir athrú agus/nó cuimsiú suíomhanna breise i ndiaidh don tsamhail hiodrálach a bheith críochnaithe.

Socróidh agus comhaontóidh foireann an tionscadail bealaí rochtana le húinéirí talún sula dtabharfar faoi na himscrúduithe talún. Cinnfidh an obair seo na coinníollacha foriomlána i limistéar na scéime agus cuirfear eolas ar fáil do shuíomh na n-oibreacha agus na bhfeabhsuithe féideartha atá aitheanta mar chuid den scéim faoisimh tuilte.



# Gníomhaíochtaí Comhshaoil

Rinne Ayesa Ecoologists suirbhé ar speicis ionracha i lár mhí an Mheithimh 2024 le héifeachtacht na cóireála IAS roimhe seo a mheasúnú. Tá an chuid is mó de na limistéir chóireáilte i mBealach Féich laghdaithe i méid, ach go fóill tá Balsam Himiléach agus Glúineach Bhiorach iontu. Bhí conraitheoirí cóireála IAS ag tarraingt Balsam de láimh ar an láthair agus ag cóireáil Glúineach le linn Iúil agus Dheireadh Fómhair 2024. Déanfar siúlóid ar an láthair de na limistéir agus déanfar cóireáil bhreise ar an bhliain seo chugainn.












# An Chéad Chéim Eile

Sna míonna atá amach romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar:

- **Tuairisciú Críochnaithe Hiodrálaice**
- **Conradh um Imscrúduithe Talún.**
- **Measúnú ar Roghanna agus Forbairt.**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh lenár bhFoireann Tionscadail faoi aon ábhar a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir is féidir leat é sin a dhéanamh ar an dóigh seo a leanas:**

## Ríomhphost

Ballybofey-StranorlarFRS@Ayesa.com

## Post

Bainisteoir Tionscadail FRS Bhealach Féich-Srath an Urláir
Ayesa
Foirgnimh 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

## Guthán

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt le do thoil ar ár suíomh**